# Nóta Treorach
# maidir le líníochtaí CAD a chur ar fáil
# i dtaca le Forbairtí Bonneagair Straitéisigh
# agus Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta

**Teil** (01) 858 8100 **Tel**
Glao Áitiúil 1890 275 175 LoCall

64 Sráid Mhaoilbhríde **Láithreán Gréasáin** www.pleanala.ie **Web** 64 Marlborough Street
Baile Átha Cliath 1 **Ríomhphost** planningcommissioners@pleanala.ie **Email** Dublin 1

## 1. I dtaobh na Nótaí Treoracha seo

Ullmhaíodh na nótaí treoracha seo mar chabhair d'iarratasóirí agus iad ag cur líníochtaí CAD isteach chuig an gCoimisiún Pleanála i gcás iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseach Tithíochta.

## 2. Réamhrá

Chun cabhrú leis an gCoimisiún Pleanála taifead d'iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseach Tithíochta a choimeád i bhformáid sonraí spásúla, iarrtar ar iarratasóirí teorainn an tsuímh nó achar an tsuímh a chur ar fáil i bhfoirm cruthchomhad ERSI i gcóras tagartha comhordanáidí Trasteilgean Mercator na hÉireann (ITM IRNET95) lena úsáid i mBogearraí Faisnéise Geografacha. I gcás nach bhfuil cruthchomhad ESRI ar fáil, is féidir líníocht CAD a chur isteach ach na critéir seo a leanas a chomhlíonadh.

## 3. Riachtanais CAD

### 3.1. Formáid Sonraí


Ba chóir do chomhaid CAD a bheith i bhformáid .dwg.

### 3.2. An coinbhinsiún d'ainmniú na gcomhad

Ba chóir Uimhir Thagartha Cáis an Choimisiúin Phleanála m.sh. ACP30000125.dwg a úsáid, más eol, NÓ, Uimhir Thagartha Comhairliúchán Réamhiarratais an Choimisiúin Phleanála, más eol.

### 3.3. Sraitheanna

Ba chóir gach teorainn suímh a tharraingt ar shraith amháin ar a dtabharfar "site_boundary', le línechló leanúnach agus i ndath dearg.




### 3.4. Céimseata

Ba chóir gach teorainn suímh a léiriú i  bpolagán dúnta. Níor cheart aon fhorluí nó féintrasnú a bheith ann idir polagáin.

Ba chóir gach céimseata eile, bloic theidil agus anótáil a ghlanadh den líníocht.

**Ní mór do gach céimseata sa líníocht a bheith tagartha do chóras comhordanáidí teilgthe an ITM (Trasteilgean Mercator na hÉireann).**

Ba chóir do gach aonad líneach a bheith i méadair.

## 4. Líníocht CAD a chur isteach

Ba chóir an líníocht CAD a chur isteach ar CD-ROM ar leithligh. Ba chóir lipéad digiteach le hUimhir Thagartha Cáis an Choimisiúin Phleanála, teideal an tionscadail agus dáta an chuir isteach a bheith ar an CD-ROM i bhformáid yyyymmdd.

**END.**